



NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Réiteach Dhá Cholún chun aghaidh a thabhairt ar na Dúshláin Chánach a eascraíonn as Digiteáil an Gheilleagair – Raiteas ón gComhairle

1. Is é príomhthosaíocht an Aontais aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair. Sna conclúidí uathí an 19 Deireadh Fómhair 2017¹, leag an Chomhairle Eorpach béim cheana ar an ngá atá le córas cánachais éifeachtach agus cothrom a bheadh oiriúnach don ré dhigiteach. Chuir an Chomhairle Eorpach chun suntais freisin a thábhachtaí atá sé go n-áiritheofaí go n-íocann gach cuideachta a cion cothrom cánach agus go dtabharfaí cothrom na Féinne do chách ar an leibhéal domhanda, ar aon dul leis an obair atá á déanamh ag OECD.
2. Is minic a bhí an obair sa réimse sin ar chlár oibre na Comhairle agus a comhlachtaí ullmhúcháin ó 2017² i leith, agus rinneadh achoimre rialta uirthi i dtuarascálacha ón gComhairle chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach³.

¹ EUCO 14/17.

² Féach, mar shampla, conclúidí ón gComhairle maidir le ‘Freagairt do dhúshláin chánachas ar bhrabúis an gheilleagair dhigitigh’ in 2017 (15175/17).

³ Féach mar shampla 9970/21, pointí 6 go 18; 13336/20, pointí 13 go 20; 8891/20, pointí 13 go 26.

3. Sa chomhthéacs sin, is príomhthosaíocht i gcónaí í an obair leanúnach ar athchóiriú na rialacha idirnáisiúnta maidir le cáin a ghearradh ar bhrabúis na bhfiontar ilnáisiúnta. An 8 Deireadh Fómhair 2021, tháinig Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS ar chomhaontú maidir leis na príomhghnéithe den athchóiriú sin: *Statement on a Two-Pillar Solution to Address the Tax Challenges Arising from the Digitalisation of the Economy* ('October 2021 statement of the OECD/G20 Inclusive Framework on BEPS')⁴. Chuir Ballstáit uile an Aontais in iúl go dtacaíonn siad leis an ráiteas sin.
4. Is mó an dul chun cinn atá déanta ar Cholún a Dó ná Colún a hAon: an 14 Nollaig 2021, d'fhormheas Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS Rialacha Samhla ECFE doiciméad dar teideal *Tax Challenges Arising from the Digitalisation of the Economy – Global Anti-Base Erosion Model Rules (Pillar Two)*. Tá na Ballstáit uile tiomanta do na rialacha sin chomh maith. Sa tuarascáil uaithi chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach an 7 Nollaig 2021, d'athdhearbhaigh an Chomhairle (ECOFIN) go dtacaíonn sí go láidir leis an athchóiriú domhanda maidir le cáin íosta agus gheall sí an t-athchóiriú sin a chur chun feidhme go pras trí bhíthin dhlí an Aontais⁵.
5. Tar éis chruinniú na Comhairle (ECOFIN) an 6 Nollaig 2022, glacadh Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórscála intíre san Aontas ('Treoir Cholún a Dó')⁶ trí nós imeachta i scríbhinn⁷. Chun a áirithiú go mbeidh cur chun feidhme Cholún a Dó (rialacha GloBE go háirithe) comhsheasmhach ar fud an Aontais agus i gcomhréir le dlí an Aontais, áirítear i dTreoir Cholún a Dó na hoiriúnuithe is gá ar rialacha samhla ECFE.

⁴ Le fáil faoin nasc seo a leanas: <https://www.oecd.org/tax/beps/statement-on-a-two-pillar-solution-to-address-the-tax-challenges-arising-from-the-digitalisation-of-the-economy-october-2021.htm>.

⁵ 14767/21, pointí 6 go 12.

⁶ IO L 328, 22.12.2022, lch. 1.

⁷ 15349/22 + COR 1.

6. Tá sé rithábhachtach a áirithiú go gcuirfear Colún a hAon chun feidhme freisin. Sa ráiteas uaithi a d'fhormheas an Chomhairle nuair a glacadh Treoir Cholún a Dó⁸, dhearbhaigh an Chomhairle go dtacaíonn sí go leanúnach leis an obair i gCreat Cuimsitheach ECFE um BEPS. Chomh maith leis sin, chuir an Chomhairle in iúl go bhfuil sí lántiomanta an obair leanúnach ar ghnéithe Cholún a hAon, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Iltaobhach, a bhaint amach go rathúil.
7. De réir mar a cheanglaítear le Treoir Cholún a Dó, an 30 Meitheamh 2023, d'eisigh an Coimisiún an tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le Colún a hAon⁹. Chuir an Coimisiún in iúl ina thuarascáil gur díol sásaimh dó na hiarrachtaí móra agus an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus thathantaigh sé ar na rannpháirtithe uile iarracht deiridh a dhéanamh teacht ar chomhaontú maidir leis an gCoinbhinsiún Iltaobhach chun Colún a hAon a chur chun feidhme. Dhearbhaigh an Coimisiún go ndéanfaidh sé a sheacht ndícheall chun a áirithiú go gcuirfear Colún a hAon chun feidhme go tráthúil agus go comhsheasmhach ar leibhéal an Aontais.
8. I mí Iúil 2023, d'fhógair Creat Cuimsitheach ECFE um BEPS tuilleadh dul chun cinn maidir leis na gnéithe atá fágtha den athchóiriú dhá cholún, mar a leagtar amach ina Ráiteas Deiridh maidir leis an Réiteach Dhá Cholún chun aghaidh a thabhairt ar na Dúshláin Chánach a eascraíonn as Digiteáil an Gheilleagair¹⁰. Maidir le Colún a Dó, an 13 Iúil 2023, ghlac an Creat Cuimsitheach pacáiste doiciméad ina raibh comhaontú maidir leis na pointí sonraí i dTuirisceán Faisnéise GloBE agus treoir bhreise riaracháin, go háirithe maidir le dhá thearmann nua¹¹. Thug an Uachtaránacht an Chomhairle (ECOFIN) cothrom le dáta (an 14 Iúil 2023) maidir leis na hábhair sin¹².

⁸ 15349/22 + COR 1.

⁹ 11298/23.

¹⁰ <https://www.oecd.org/tax/beps/outcome-statement-on-the-two-pillar-solution-to-address-the-taxchallenges-arising-from-the-digitalisation-of-the-economy-july-2023.pdf>

¹¹ <https://www.oecd.org/tax/beps/administrative-guidance-global-anti-base-erosion-rules-pillar-two-july-2023.pdf>

¹² 11223/23.

9. Go dtí seo, tá tuilleadh dul chun cinn déanta i gCreat Cuimsitheach ECFE um BEPS, i gcomhréir leis an amlíne athbhreithnithe. Maidir le Colún a Dó, cuireadh an ionstraim iltaobhach maidir leis an riail faoi réir cánach (RFRC) ar fáil lena síniú an 2 Deireadh Fómhair 2023¹³. Leis an ionstraim sin, beidh tíortha in ann RFRC a chur chun feidhme go héifeachtúil sna conarthaí cánach déthaobhacha atá ann cheana. Tá dul chun cinn á dhéanamh freisin maidir leis na gnéithe atá fágtha den dá bhloc tógála (Méid A agus Méid B) de Cholún a hAon, agus maidir leis an gCoinbhinsiún Iltaobhach a chuirfidh Méid A chun feidhme go háirithe. Tá na toscaireachtaí á gcur ar an eolas go rialta sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) maidir le staid na himeartha sa chaibidlíocht sin.
10. I gcomhthéacs na hoibre leanúnaí agus na dteagmhálacha déthaobhacha maidir leis na hábhair sin, mhol an Uachtaránacht go ndéanadh na Ballstáit plé ar an bhféidearthacht go n-athdhearbhódh an Chomhairle (ECOFIN) a tacaíocht pholaitiúil don réiteach dhá cholún, ós rud é go bhfuiltear ag tosú leis na céimeanna deiridh den chaibidlíocht sin. Bheifí ag súil go n-eiseofaí ráiteas ón gCoimisiún sa chomhthéacs sin freisin.
11. Tar éis chruinniú na nAtaiséanna Fioscacha an 13 Deireadh Fómhair agus tar éis teagmhálacha déthaobhacha breise, chuir na toscaireachtaí go léir in iúl go mbeidís toilteanach tacú le téacs an dréachtráitis ón gComhairle a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nóta seo. Tuigtear go bhfuil an comhaontú seo faoi réir ráiteas ón gCoimisiún le haghaidh mhiontuairiscí an chruinnithe céanna den Chomhairle, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nóta seo.
12. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:
- an dréachtráiteas ón gComhairle a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nóta seo a fhorhuiniú,
 - a mholadh don Chomhairle an ráiteas sin a fhorpheas mar mhír ‘A’ (‘gan aon phlé’) ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.
 - an ráiteas ón gCoimisiún (a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nóta seo), a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a dhéanamh ag an gcrúinniú céanna nuair a fhorpheasfaidh an Chomhairle a ráiteas, a thabhairt dá aire.

¹³ [International community adopts multilateral convention to facilitate implementation of the global minimum tax Subject to Tax Rule – OECD](#)

DRÉACHTRÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE

‘Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

- (I) meabhraítear di an ráiteas uaithi a formheasadh nuair a glacadh Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórsála intíre san Aontas (‘Treoir Cholún a Dó’)¹⁴;
- (II) is geal léi an dul chun cinn atá déanta ag Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um BEPS (an Creat Cuimsitheach) maidir leis an gCoinbhinsiún Iltaobhach lena gcuirtear Colún a hAon chun feidhme a thabhairt chun críche, a bheidh oscailte go pras lena shíniú, agus tugann sí dá haire an dul chun cinn atá déanta maidir le Méid B;
- (III) athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí i gcónaí leis an obair leanúnach sa réimse sin, agus leasanna na mBallstát uile á gcur san áireamh chun a áirithiú go n-íocfaidh gach fiontar a chion cothrom cánach ar bhrabúis a ghintear trína ghníomhaíochtaí san Aontas, mar a luaitear sna conclúidí ón gComhairle maidir le cánachas cothrom agus éifeachtach i dtráth an téarnaimh, dúshláin chánach a ghabhann leis an digiteáil agus dea-rialachas cánach san Aontas agus níos faide i gcéin, a formheasadh an 27 Samhain 2020;
- (IV) is geal léi an comhaontú, agus tacaíonn sí leis, ar thángthas air leis an gCreat Cuimsitheach maidir leis na soiléirithe a bhaineann le cur i bhfeidhm Cholún a Dó atá sa treoir riaracháin a formhuiníodh leis an gCreat Cuimsitheach i mí na Nollag 2022, i mí Feabhra 2023 agus i mí Iúil 2023 – lena n-áirítear an riail idirthréimhseach maidir le brabúis faoi thearc-cháin agus na tearmainn maidir le cáin bhreiseiúcháin náisiúnta cháilithe íosta, an treoir nua maidir le creidmheasanna cánach inaistrithe, chomh maith leis an tuairisciú de réir tíre maidir leis an tearmann idirthréimhseach agus Tuairisceán Faisnéise GloBE;

^[1] Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórsála intíre san Aontas, IO L 328, 22.12.2022, lch. 1.

- (V) tugann sí dá haire an ráiteas ón gCoimisiún Eorpach agus is geal léi, go háirithe, a thuairim go bhfuil an treoir riaracháin a d'fhormhuinigh an Creat Cuimsitheach i mí na Nollag 2022, i mí Feabhra 2023 agus i mí Iúil 2023 comhoiriúnach le Treoir Cholún a Dó;
- (VI) aithníonn sí gur gá comhsheasmhacht a áirithiú leis na doiciméid thuasluaite agus Treoir Cholún a Dó á cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun neamhailíniú nó infheidhmeacht caighdeán éagsúil a sheachaint;
- (VII) meabhraítear di go dtagraítear sna haithrisí de Threoir Cholún a Dó d'úsáid na teorach a d'fhorbair an Creat Cuimsitheach mar fhoinsé léirithe nó léirmhínte, agus tugann sí dá haire go bhfuil sé ar intinn ag Ballstáit an Aontais an treoir sin a leanúint agus Treoir Cholún a Dó á trasú ina ndlí náisiúnta chun éagsúlachtaí agus neamhréireachtaí sa léirmhíniú ar fhorálacha na Teorach sin a sheachaint.'

RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN EORPACH

Is díol sásaimh don Choimisiún Eorpach na comhaontuithe uile ar thángthas orthu le Creat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le BEPS idir mí na Nollag 2022 agus mí Iúil 2023. Is cloch mhíle thábhachtach iad na comhaontuithe sin maidir leis an Réiteach Dhá Cholún a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme ina hiomláine chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán chánach a eascraíonn as digitiú an gheilleagair.

Maidir le **Colún a hAon**, is díol sásaimh don Choimisiún gur eisíodh téacs an Choinbhinsiúin Iltaobhaigh agus gur thángthas ar an gcomhaontú teicniúil maidir le príomhphointí mhéid A, lena réitítear an bealach chun ath-leithdháileadh páirteach ar chearta chun cánachais a chur chun feidhme i measc na rannpháirtithe.

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá Méid B mar phríomhchuid den athchóiriú leanúnach ar chánachas idirnáisiúnta, den phraghsáil aistrithe a shimpliú agus den deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú.

Tacaíonn an Coimisiún go hiomlán leis an uaillmhian an comhaontú a chur i bhfeidhm a luaithe is féidir agus leanfaidh sé de bheith ag obair chun an méid sin a sheachadadh go rathúil san Aontas. Iarrann sé ar na Ballstáit an Coinbhinsiúin Iltaobhach a shíniú agus a dhaingniú go pras.

Maidir le **Colún a Dó**, is díol sásaimh don Choimisiún Eorpach an Ráiteas ó Chomhairle ECOFIN (an 9 Samhain 2023).

Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil an treoir riaracháin a d'fhormhuinigh Creat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le BEPS i mí na Nollag 2022, i mí Feabhra 2023 agus i mí Iúil 2023 comhoiriúnach le Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí fiontair ilnáisiúnta agus do ghrúpaí náisiúnta mórscála san Aontas (an Treoir maidir le Colún a Dó). Molann an Coimisiún do na Ballstáit uile leanúint go pras de thrasuí na Treorach maidir le Colún a Dó agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí na mBallstát i ndáil leis an méid sin.